



'Gaeilge na hArdteiste', Clár 2 RTÉ Raidió na Gaeltachta, 2 Márta 2015

Ceisteanna Samplacha

le Séamas Ó Máirtín, comhairleoir oideachais an chlár

Dán: Colscaradh, le Pádraig Mac Suibhne

“Baineann an file sár-úsáid as caint mheafarach sa chur síos ar an bpósadh”. Do thuairim uait i dtaobh an ráitis seo.

Aontaím leis an ráiteas seo. Is meafar an-éifeachtach é, “nead a chine” mar baineann sábháilteacht; daingne agus teolaíocht leis an téarma seo. Cothaíonn na héin a gcinn óga sa nead agus is minic go bhfillleann siad ar an nead chéanna bliain i ndiaidh bliana. Léiríonn “nead a chine” mian an fhir a bheith ina chónaí ina áit dhúchais féin. Níorbh fhear é a bhí ag iarraidh a bheith ag taisteal ar fud an domhain. B’fhearr leis an saol ciúin simplí. Tá an meafar, “Ar leac a thine” go maith freisin mar ba í an tine nó an teallach croílár an tí fadó sular tháinig ré an leictreachais ach go háirithe. Tá an seanfhocal fós againn: Níl aon tinteán mar do thinteán féin. Léiríonn an meafar seo mian an fhir cloí leis an saol traidisiúnta.

Sa dara véarsa, is meafar an-láidir é, “taobh den bhríste”. Ba bhean í seo nach raibh sásta glacadh leis na seanchoinbhinsiúin. Ba é an fear ceann an tí fadó ach is léir gur theastaigh guth ón mbean seo. Is breá liom an meafar, “leath den chiste” mar arís léiríonn an meafar seo mian na mná a bheith neamhspleách. Fadó, bhí an sparán ag an bhfear agus theastaigh ón mbean seo go mbeadh leath na maoinne aici.

Is féidir a rá mar sin go mbaineann an file sár-úsáid as caint mheafarach. Éiríonn leis mianta difriúla na lánúine a chur in iúl go héifeachtach.

Cén léargas a fhaighimid ar dhearcadh an fhile i dtaobh an tsaoil phósta, dar leat?

Cuireann an file beirt os ar gcomhair a raibh mianta difriúla acu i leith an tsaoil phósta. Theip orthu teacht ar chomhréiteach. Sílimse go bhfuil ceacht bunúsach sa dán seo. Ní foláir do lánúin aithne mhaith a chur ar a chéile sula bpósfadh siad. Ní foláir go mbeadh comhthuiscintí eatarthu faoi luachanna an tsaoil seo. Cuireann an file fear coimeádach inár láthair sa chéad véarsa agus bean liobrálach sa dara véarsa. Feicimid gurb é dearcadh an fhile nárbh fhéidir leo teacht ar chomhréiteach de bharr na ndifríochtaí móra a bhí eatarthu. Ní hí an fhealsúnacht chéanna a bhí ag ceachtar den bheirt. Ní dóigh liom ach oiread go bhfuil comhbhá an fhile le ceachtar den bheirt. Scríobh sé an dán i bhfoirm parabail agus is ceacht maith é ó iarmhúinteoir!

Prós: An Gnáthrud le Deirdre Ní Ghrianna

“Éiríonn leis an údar, Deirdre Ní Ghrianna, smaointe an phríomhcharachtair, Jimmy, a chur inár láthair sa ghearrscéal thuasluaite”. Pléigh fírinne an ráitis seo.

Aontaím leis an ráiteas seo. Buailleann muid le Jimmy den chéad uair i mbeár i mBéal Feirste. Oíche Dé hAoine atá ann agus tá Jimmy ag ól lena chairde tar éis na seachtaine oibre. Cuireann muid aithne ar Jimmy agus faigheann muid léargas ar a dhearcadh i leith an tsaolí phósta.

Nochtann an t-údar, Deirdre Ní Ghrianna, smaointe Jimmy. Ní raibh dearmad déanta aige ar a bhean chéile, Sarah cé go raibh sé i gcomhlúadar a chairde i dteach ósta. Thuig sé go mbeadh brú uirthi ag iarraidh na páistí a chur a chodladh. Ní bheadh John, an duine ba shine de na páistí sásta dul a chodladh cé go mbeadh sé an-tuirseach ar fad. Feicimid gur duine coinsiasach goilliúnach é, Jimmy. D’airigh sé “i gcónaí ciontach” nuair a chuaigh sé ag ól lena chomrádaithe tráthnóna Dé hAoine, go háirithe ó tháinig an cúpla ar an saol sé mhí ó shin. “Bhí a choinsias ag cur isteach chomh mór sin air” is nach raibh sé in ann pléisiúr ar bith a bhaint as an oíche.

Léirítear smaointe Jimmy i leith a mhná céile, Sarah. Ba í Sarah a dúirt leis bualadh lena chairde ar an Aoine tar éis dóibh pósadh. Bean bhródúil a bhí inti agus níor theastaigh uathí go mbrisfeadh sé an nós seo a bhí aige. Níor mhaith léi go mbeadh sé le rá go raibh a fear céile faoina smacht aici. Thuig Jimmy chomh maith go dtabharfadh sí íde béil dó dá dtiocfadh sé abhaile roimh a deich a chlog.

Tugtar le fios dúinn nárbh fhear mór óil é, Jimmy. Níorbh é an t-ól an rud ba thábhachtaí dó ach an chraic agus an chuideachta. Léiríonn an t-údar smaointe Jimmy i leith daoine a bhí tugtha don ól. Chuir sé iontas air go bhféadfadh fir áirithe suí ar na stólta arda uair i ndiaidh uaire “is gan scrupall coinsiasa ar bith orthu”. Tugtar le fios dúinn freisin go raibh Jimmy buíoch as a raibh aige. Bhí an t-ádh air, dar leis féin. Bhí Sarah agus na páistí aige agus teach deas compordach. Feiceann muid go raibh meas aige ar a bhean chéile. Ba í Sarah a rinne baile den teach. Rinne sí cuirtíní as fuílleach éadaigh agus cheannaigh sí cathaoireacha ar dheich bpunt i ndíolachán earraí. Chóirigh sí na seomraí ar fad sa teach. Scaoiltear isteach in intinn Jimmy muid agus é ag an mbeár ar an Aoine áirithe seo. Deirtear linn nach raibh sé in ann fanacht go dtiocfadh oíche Dé Sathairn nuair a bheadh sé féin agus Sarah ina suí le chéile ag breathnú ar video agus buidéal beag fíona an duine acu. Tharla rud eile chomh maith a léiríonn dúinn arís go raibh Jimmy an-choinsiasach mar fhear céile agus an-ghoilliúnach mar dhuine. D’ordaigh sé seacht bpionta Guinness agus ceann beag ó Mhicí, fear an bheáir, ach nuair a d’fhiafraigh Micí de cén chaoi a raibh “na girseacha beaga”, mhothaigh Jimmy ciontach. D’athraigh sé an t-ordú. Níor bhac sé le pionta eile dó féin. B’fhada leis go mbeadh sé sa mbaile. Chaith sé siar deireadh a phionta agus d’fhág sé slán ag a chomrádaithe.

Thug Jimmy aghaidh ansin ar an Jasmine Palace, áit a bhfaigheadh sé curry dó féin agus chop suey do Sarah. Éiríonn leis an údar breis léargais a thabhairt dúinn ar smaointe na príomhphearsan, Jimmy. Sa chomhrá a bhí aige le Liz, an freastalaí, dúirt sé go raibh sé ag dul abhaile ní ba luaithe mar gur theastaigh uaidh na páistí a fheiceáil. Tháinig náire an domhain ansin air mar rinne sé dearmad gur thréig leannán Liz í agus gur fhág sé ina haonar í lena n-iníon óg ceithre bliana d’aois. Feicimid go raibh pearsantacht shéimh chineálta ag Jimmy. Bhí scata fear óg istigh sa Jasmine Palace agus a sáith ólta acu. Rinne Jimmy iarracht gan éisteacht leis an gcaint gharbh ghairsiúil a bhí acu. Níor thaitin an cineál seo iompair leis.

Feiceann muid Jimmy ar a bhealach abhaile ón Jasmine Palace. Nochtar smaointe pearsanta Jimmy

– na smaointe deireanacha a bheadh aige ar an saol seo. Ní raibh uaidh anois ach a bheith lena bhean chéile, Sarah agus insint di faoin ngrá a bhí aige di. Ní raibh uaidh ach a lámha a chur thart uirthi agus luí taobh léi.

B'in na smaointe deireanacha a bhí ag Jimmy. Chaith duine de na fir óga a bhí sa Jasmine Palace urchar leis a bhain leath an chloiginn de Jimmy. Fágadh Jimmy ina luí ar an tsráid agus fuil a choirp ag meascadh lena raibh sna boscaí aluminium.